


FEIDHMEANNA AGUS FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD BAINISTÍOCHA

Treoirleabhar achomair do
Bhail an Bhoird Bainistíochta
i Scoileanna/Coláistí de chuid BÓO



etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*

Clár na nÁbhar

Fáilte	3
Ról an Bhoird	4
Príomhdhualgais an Bhoird Acmhainní/Tacaíochtaí atá ar fáil do bhaill boird bainistíochta Nithe ríthábhachtacha is ceart a bheith ar eolas ag baili boird maidir lena scoil	
Freagrachtaí Ginearálta ar Bhoird Bhainistíochta	7
Freagrachtaí Sonracha ar Bhoird Bhainistíochta	10
Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta	18
Nithe eile atá ábhartha do Bhaill Boird Bainistíochta	21
AGUISÍN 1	24
Nithe atá ábhartha do gach Bord Bainistíochta Scoile	
AGUISÍN 2	25
Beartais le cur san áireamh sa Phlean Scoile	
AGUISÍN 3	26
Nithe le cur san áireamh sa leabhrán <i>Bíodh cur amach agat ar do scoil</i>	



etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*





FÁILTE

Go raibh maith agat as ucht a bheith toilteanach a bheith i do bhall de bhord bainistíochta. Gné ríthábhachtach de rialachas scoile¹ is ea bord bainistíochta na scoile, agus ní bhainfear amach misean na scoile ina iomláine gan bord bainistíochta éifeachtach. Tá an chabhair a chuirfidh tú ar fáil sa chomhthéacs seo an-tábhachtach ar mhaithe le do scoil.

Ról an Bhoird

Tá sainchúram soiléir ar bhord bainistíochta i scoil BOO (Bord Oideachais agus Oiliúna) an scoil sin a bhainistiú thar ceann an BOO (agus thar ceann an Chomhpháirtí is lontaobhaí i gcás coláiste pobail ainmnithe), de réir na reachtaíochta; ciorclán, treoirlínte agus nósanna imeachta ón Roinn Oideachais agus Scoileanna (an Roinn); agus aon bheartas nó straitéisí a d'fhéadfadh an BOO a leagan síos maidir le feidhmiú na scoileanna atá faoina chúram.

Ról rialachais is ea an príomhról atá ag bord bainistíochta. Is éard atá i gceist leis an rialachas ná **treoir** agus **maoirseacht** a sholáthar do scoil agus a chinntiú, ag an am céanna, go dtacaítear le cearta gach aon duine i bpobal na scoile agus go bhfuil an scoil freagrach as a cuid oibre.

Is féidir feidhmeanna boird a aicmiú faoi thrí cheannteideal éagsúla go príomha:

- Ceapadh beartas agus pleanáil straitéiseach
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm beartas, straitéisí agus pleananna
- Tacú leis an bpríomhoide agus le foireann na scoile



Príomhdhualgais an Bhoird

Tá obair bhaill an bhoird scoile bunaithe ar dhá phríomhdhualgas.

- An **dualgas chun feidhmiú, an t-am ar fad, ar leas na scoile iomláine, an BOO agus an Chomhpháirtí is Iontaobhaí (nuair is infheidhme)**. Is gá don bhall boird dá bhrí sin aon chás a sheachaint ina gceapfaí go bhfuil a leas pearsanta féin nó sainleas grúpa ar leith á chur chun cinn aige/aici.
- An **dualgas chun aire, scil agus dícheall cuí a dhéanamh**, rud a fhágann nach mór do bhaill boird na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - freastal go rialta ar chruinnithe den bhord agus a bheith ullamh do na cruinnithe,
 - iarrachtaí réasúnta a dhéanamh a bheith ar an eolas maidir le nithe atá ábhartha dá gcuid oibre ar an mbord,
 - leas a bhaint as an oiliúint a chuirtear ar fáil do bhaill an bhoird, agus
 - am a chur i leataobh gach bliain chun aithne a chur ar an bhfoireann agus chun eolas a chur ar na háiseanna

Acmhainní/Tacaíochtaí atá ar fáil do bhaill boird bainistíochta

- Mar aon leis an **Treoirleabhar Achomair** seo, beidh na hacmhainní/tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do bhaill bhord bainistíochta na scoile.
- **Lámhleabhar do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Bhoird Bhainistíochta i Scoileanna agus i gColáistí BOO** atá ar fáil ar líne ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) ar www.etbi.ie. Acmhainn chuimsitheach atá cothrom le dáta do bhaill bhoird is ea an Lámhleabhar, agus déanfar é a nuashonrú go rialta chun athruithe reachtacha, athruithe bunaithe ar chiorcláin na Roinne, agus athruithe eile a léiriú.
- An leabhrán Bíodh cur amach agat ar do scoil ina soláthraítear faisnéis thábhachtach maidir le do scoil féin.
- Oiliúint arna cur ar fáil ag gach BOO i gcomhar le ETBI.



Nithe ríthábhachtacha is ceart a bheith ar eolas ag baill boird maidir lena scoil

Is ann do roinnt nithe ar cheart eolas orthu a thabhairt do bhaill an bhoird ar dhul ar an mbord dóibh. Baineann na nithe sin le heagrú agus le feidhmiú na scoile go príomha. Áirítear orthu siúd: líon na laethanta teagaisc is gá sa scoilbhliain, féilire na scoile, fad an lae scoile, clár ama na scoile, córas bainistíochta inmheánach na scoile, na hábhair agus na cláir oideachais atá ar fáil sa scoil, ról na mball foirne éagsúil, m.sh. Treoirchomhairleoir, Múinteoir Acmhainne, Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Is ceart do bhaill an bhoird a bheith ar an eolas freisin faoi riachtanais shonracha na Roinne maidir le cosaint leanaí, frithbhulaíocht, litearthacht agus uimhearthacht, agus cosaint sonraí.


Ba cheart an leabhrán **Bíodh cur amach agat ar do scoil** a thabhairt do gach ball den bhord bainistíochta ar dhul ar an mbord scoile dóibh. Tá faisnéis thábhachtach maidir leis an scoil sa leabhrán sin – ráiteas misin, beartais, rollú agus próifíl na ndaltaí, áiseanna, leithdháileadh foirne, buiséad agus na cuntais is déanaí, feidhmíocht i scrúduithe Stáit, srl. Tá liosta tásach de na nithe is ceart a chur san áireamh sa leabhrán Bíodh cur amach agat ar do scoil le fáil in

Aguisín 3.

Tá liosta nach bhfuil uileghabhálach le fáil in **Aguisín 1** de nithe eile ar cheart go mbeadh eolas ag baill an bhoird orthu.



FREAGRACHTAÍ GINEARÁLTA AR BHOIRD BHAINISTÍOCHTA



Freagrachtaí Ginearálta ar Bhoird Bhainistíochta

San Acht Oideachais, 1998, ceanglaítear ar scoileanna oideachas cuí a chur ar fáil do gach dalta chun freastal ar a gcumais agus ar a riachtanais. Agus é sin á dhéanamh acu, is gá do scoileanna féachaint chuige go mbaintear úsáid éifeachtúil as na hacmhainní atá ar fáil chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- déanann an scoil forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta daltaí a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile;
- déantar daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaitheint agus déantar soláthar faoina gcomhair;
- freastalaíonn an scoil leis na beartais oideachais, na rialacháin agus an curaclam atá forordaithe ag an Aire;
- bíonn rochtain ag daltaí ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme;
- tá córais i bhfeidhm sa scoil lena bhféadfar a feidhmíocht a mheasúnú – éifeachtacht na múinteoireachta agus gnóthachtáil caighdeán acadúil;
- tá beartas i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht bunaithe agus i bhfeidhm sa scoil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an scoil;
- déanann an scoil comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaltaí agus d'fhoireann na scoile, idir fhireannaigh agus bhaineannaigh;



- déanann an scoil forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn;
- cinntíonn an scoil go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí daltaí nó, i gcás daltaí a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an dalta, ar thaifid a choimeádann an scoil sin i ndáil le dul chun cinn an dalta sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas;
- cuideoidh an scoil, i gcás scoile atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail;
- cinntítear go ndéanfar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d'fheidhmeanna bainistíochta agus riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa scoil a shainithint agus go ndéantar soláthar faoina gcomhair;
- déanann an scoil, sa mhéid is indéanta le réasún, deiseanna oideachais do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa limistéar a chur chun cinn de réir beartais náisiúnta maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil;
- Déanann an scoil teagmhálacha a bhunú nó a chothabháil le scoileanna agus coláistí eile agus ag leibhéal chuí eile ar fud an phobail dá bhfónann an scoil/an coláiste.

Is ceart don Bhord Bainistíochta dul i mbun oibre i gcomhar le príomhoide na scoile, ar rúnaí an Bhoird é/í, agus leis an bhfoireann chun cuidiú leis an scoil/leis an gcoláiste i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Mar aon leis sin, ina chuid oibre ar fad, is ceart don bhord aird a thabhairt ar leas an phobail i gcúrsaí na scoile agus is ceart don bhord a bheith freagrach do dhaltaí, dá dtuismitheoirí, don BOO agus, nuair is infheidhme, don Chomhpháirtí is lontaobháí.



FREAGRACHTAÍ SONRACHA AR BHOIRD BHAINISTÍOCHTA



Freagrachtaí Sonracha ar Bhoird Bainistíochta

1. PLEAN SCOILE 7 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DEIS

Tá freagracht reachtúil ar an mbord bainistíochta as socruithe a dhéanamh chun plean scoile a ullmhú agus a ghlacadh nó, i gcás ina bhfuil plean scoile i bhfeidhm cheana féin, as athbhreithniú rialta a dhéanamh air agus, nuair is cuí, as an bplean a leasú. Timthriall leanúnach pleanála, cuir i bhfeidhm, measúnaithe, athbhreithnithe agus pleanála atá i gceist leis sin. Tá freagracht ar an mbord freisin as cóipeanna den phlean scoile a scaipeadh ar an bpátrún, ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne eile na scoile.

Bíodh is gurb iad an príomhoide agus an fhoireann a dhéanfaidh go leor den obair mhionsonraithe a bhaineann le plean scoile a ullmhú, is ar an mbord atá an fhreagracht deiridh as a chinntiú go ndéanfar an obair sin agus, i gcás meastóireachta ar an scoil uile, is é an bord a bheidh cuntasach faoin bhfreagracht sin.

Is ceart misean an BOO agus an Chomhpháirtí is lontaobhaí (nuair is infheidhme), Ráiteas Straitéise an BOO, agus aon bheartais nó treoirlínte a d'fhéadfadh bheith i bhfeidhm maidir le sainspiorad a scoileanna a úsáid chun bonn eolais a chur faoin bPlean Scoile.

Cuimsítear le próiseas pleanála scoile beartais scoile a fhorbairt agus a nuashonrú go rialta. Tá beartais áirithe riachtanach de réir an dlí, tá beartais eile de dhíth chun cloí le ciorcláin ón Roinn, agus tá beartais eile riachtanach chun comhtháthú agus treoír a sholáthar d'obair na scoile. Tá liosta molta de na beartais is ceart a chur san áireamh sa Phlean Scoile le fáil in Aguisín 2.

Ní mór athbhreithniú agus, más gá, leasú a dhéanamh ar gach beartas go rialta. Ar an ábhar sin, ba cheart do bhord Féilire Athbhreithnithe Beartas a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta. D'fhéadfadh sé cabhrú le baill nua den bhord go háirithe dá gcaithfí cuid ghearr de gach cruinniú boird chun eolas achomair ar cheann nó dhó de na beartais éagsúla scoile a thabhairt do na baill.



Tá isteach is amach ar 200 iarbhunscoil ainmnithe mar scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste sna pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Ceanglaítear ar scoileanna DEIS Pleananna Gníomhaíochta trí bliana maidir le cuimsiú oideachais a ullmhú freisin.

2. PLEAN SCOILE 7 FÉINMHEASTÓIREACHT

Tá Féinmheastóireacht Scoile ar an mbealach roghnaithe chun na sonraí is gá d'fhorbairt Plean Scoile agus Plean Gníomhaíochta DEIS a bhailiú agus chun anailís a dhéanamh orthu sin. Is éard atá i gceist le féinmheastóireacht scoile ná go ndéanann pobal na scoile ar fad (go háirithe an fhoireann), faoi stiúir an bhoird bainistíochta, an deis a thapú féachaint ar cén chaoi a bhfeidhmíonn an scoil faoi cheanteidil áirithe; teacht ar chinneadh maidir le gnéithe a bhfuil rath orthu agus ar ghnéithe nach mór a athrú; plean bliantúil feabhsaithe scoile a fhorbairt chun an feabhas riachtanach a bhaint amach; agus tuairisc ar an obair sin a thabhairt do phobal na scoile go bliantúil. Ní mór dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí le linn an phróisis féinmheastóireachta freisin.

Tá sé sonraithe i gCiorclán 40/2012 ón Roinn, thar thréimhse ceithre bliana ó 2012, is cóir do na hiarbhunscoileanna uile gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile agus pleananna feabhsúcháin trí bliana a chruthú don uimhearthacht, don litearthacht agus do ghné amháin de theagasc agus d'fhoghlaim thar na hábhair agus na cláir uile.

3. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Is é an BOO an t-aonán corparáideach agus is air atá an fhreagracht deiridh as cúrsaí airgeadais. Mar sin féin, déanann an BOO buiséad a leithdháileadh don scoil gach bliain agus is é an bord bainistíochta a bhíonn freagrach as an gcaoi a gcaitear an leithdháileadh buiséid sin agus as cuntas a choinneáil air. Ina theannta sin, ní mór don bhord freisin tuairisc bhliantúil a dhéanamh agus ioncam agus caiteachas a dheimhniú, i bhformáid shonrach, leis an BOO. Mar chuid de phróiseas buiséadaithe an BOO, ní mór do bhoird meastachán den ioncam agus den chaiteachas is gá don chéad bhliain eile a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach gach bliain, roimh an 31 Bealtaine go hiondúil.



4. ÁITREABH 7 TREALAMH

Tá an BOO freagrach as foirgnimh na scoile a thógáil, as áitreabh na scoile a fhorbairt, agus as caiteachas ar threalamhú tosaigh na scoile.

Tá an bord freagrach as áitreabh agus tailte na scoile a chothabháil leis an leithdháileadh bliantúil airgeadais arna chur ar fáil ag an BOO. I gcomhairle leis an bpríomhoide, tá an bord freagrach as mionoibreacha deisiúcháin a dhéanamh agus as leabhair, stáiseanóireacht, troscán, agus ábhair eile a roghnú agus a athsholáthar. Is amhlaidh a dhéanann an bord an fheidhm sin a tharmligeán don phríomhoide, áfach.

5. FREAGRACHTAÍ TUAIRISCITHE

Ceanglaítear ar an mbord tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an BOO, mar aon le tuairiscí agus faisnéis ar bith eile a d'fhéadfadh an BOO a éileamh.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar bhord nósanna imeachta a bhunú chun tuismitheoirí a chur an eolas maidir le feidhmiú agus feidhmíocht na scoile. D'fhéadfaí a áireamh ina measc siúd tuarascáil ar fheidhmiú agus ar fheidhmíocht na scoile in aon scoilbhliain ar leith a fhoilsiú agus a scaipeadh ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí, ar bhaill foirne eile agus ar chomhairle na mac léinn, de réir mar is gá, ina ndéantar tagairt shonrach do bhaint amach na gcuspóirí mar atá leagtha amach sa phlean scoile.

6. CÓD IOMPRAÍOCHTA

Tá freagracht reachtúil ar bhord (tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le daltaí) Cód Iompraíochta a ullmhú do na daltaí atá cláraithe sa scoil. Sonrófar na nithe seo a leanas sa chód sin:

- na caighdeáin iompraíochta nach mór do gach dalta a chomhlíonadh;
- na bearta is féidir a ghlacadh sa chás nach gcloíonn dalta leis na caighdeáin sin nó sa chás go ndiúltaíonn an dalta cloí leo;
- na nósanna imeachta nach mór a leanúint sula bhféadfaí dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil;
- na cúiseanna faoina bhféadfaí deireadh a chur leis an bhfionraí a gearradh ar dhalta; agus
- nósanna imeachta maidir le neamhláithreachtaí linbh ón scoil a chur in iúl.

I gcód iompraíochta scoile, is ceart díriú ar iompraíocht dhearfach daltaí a aithint agus a chúiteamh. Ina theannta sin, **ní mór don chód iompraíochta a bheith de réir Threoirlínte 2008 ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (TUSLA) maidir le Cód Iompair a Fhorbairt.**



7. IONTRÁIL, FIONRAÍOCHT AGUS DÍBIRT DALTAÍ

Tá freagracht dhlíthiúil shonrach ar bhord bainistíochta as beartas na scoile lena rialaítear iontráil don scoil, rannpháirtíocht i gcláir na scoile, agus díbirt agus fionraíocht daltaí ón scoil a fhoilsiú. Tá feidhmeanna an bhoird maidir le díbirt, fionraíocht nó diúltú leanbh a rollú leagtha amach go soiléir san Acht Oideachas (Leas), 2000, agus i gcodanna 10, 11 agus 12 de Threoirlínte 2008 ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (TUSLA)². Ní mór do bhaill boird a bheith eolach ar na treoirlínte sin.

Agus cinneadh á dhéanamh dalta a chur ar fionraí, a dhíbirt, nó diúltú an dalta a rollú, ní mór don bhord bainistíochta aird a thabhairt ar rialacha an cheartais aiceanta.

Bíodh is gurb é an príomhoide, thar ceann an bhoird, a bhíonn ag plé le gnéithe praiticiúla maidir le rollú daltaí, is é an bord a dhéanann daltaí a rollú i scoil go foirmiúil agus is é an bord, go foirmiúil, a dhiúltaíonn do rollú daltaí, a chuireann daltaí ar fionraí (féach an coinníoll thíos maidir le daltaí a chur ar fionraí) nó a dhíbríonn daltaí. Achomhairc a dhéantar i gcoinne cinntí ina ndiúltaítear daltaí a rollú, nó cinntí maidir le daltaí a chur ar fionraí nó a dhíbirt, is achomhairc iad i gcoinne chinntí an bhoird ar an ábhar sin.

De réir Threoirlínte 2008 ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (TUSLA), is ag an BOO atá an t-údarás dalta a chur ar fionraí ach is féidir an t-údarás sin a chineadh faoi Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, do bhord bainistíochta scoile. Sa chás sin, ní mór don BOO a áirithiú go mbeidh raon feidhme an údaráis arna thabhairt i gcomhréir le Treoirlínte ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, nó leis an gComhaontú Samplach agus le haon riachtanais dhlíthiúla ábhartha. Ina theannta sin, léirítear sna Treoirlínte gur cheart don bhord socrú foirmiúil tarmhligin a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil sé beartaithe ag bord bainistíochta an t-údarás sin a tharmhligean don príomhoide. (Is iondúil a dhéanann an bord bainistíochta an t-údarás chun daltaí a chur ar fionraí ar feadh líon teoranta laethanta a tharmhligean do príomhoide na scoile.)

I gcásanna ina ndiúltaíonn bord bainistíochta dalta a rollú, ina gcuireann sé dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 20 lá ar an iomlán, nó ina ndíbríonn sé dalta, féadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta nó an dalta féin má tá sé/sí níos sine ná 18 mbliana d'aois achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh leis an BOO ar an gcéad dul síos agus le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna ina dhiaidh sin.

2 Foilsíodh na Treoirlínte ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais roimh an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus ar an ábhar sin tá tagairt iontu do Choistí Gairmoideachais agus don Bhille Gairmoideachais (Leasú), 2001, seachas do BOOnna agus don Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.



8. CIGIREACHTAÍ SCOILE

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna cineálacha éagsúla cigireachta i scoileanna agus in ionaid (cigireachtaí ábhair, téamacha, cláir, teagmhasacha agus leanúnacha, agus meastóireachtaí ar an scoil uile i scoileanna; agus meastóireachtaí ar ionaid) agus foilsítear na tuarascálacha uathu sin ar láithreán gréasáin na Roinne go hiondúil.

Bíodh is go bhfuil gach cigireacht ábhartha d'obair an bhoird bainistíochta, bíonn baint shonrach ag an mbord leis an bpróiseas meastóireachta ar an scoil uile nó ar an ionad agus buailfidh na cigirí leis an mbord le linn na meastóireachta. Ar an ábhar sin, ní mór do bhaill boird na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ról an bhoird i mbainistiú na scoile a thuiscint – tá freagracht ar an mbord bainistíochta as treoir ghinearálta eagar agus churaclam na scoile;
- an próiseas meastóireachta, agus go háirithe an próiseas tuairiscithe, a thuiscint;
- an Plean Scoile, an tábhacht atá ag baint leis i dtéarmaí na meastóireachta, agus an fhís atá ag an mbord bainistíochta maidir le todhchaí na scoile a thuiscint;
- cur amach a bheith acu ar láidreachtaí na scoile agus ar na gnéithe de shaol na scoile nach mór feabhas a chur orthu;
- a chinntiú go bhfreagraíonn an scoil go hiondúil ar na moltaí i dtuarascálacha ó chigireachtaí; agus
- an chaoi a bhfeidhmíonn an scoil a thuiscint.

9. SCÉIM OIDEACHAIS DON SCOIL A GHLACADH GO BLIANTÚIL

Ní mór don phríomhoide scéim oideachais a ullmhú gach bliain don bhliain acadúil ina dhiaidh sin agus aon mhúinteoirí breise a bheidh de dhíth a shonrú. Cuirtear an scéim oideachais sin faoi bhráid an bhoird lena breithniú agus déanann an bord an scéim a chur ar aghaidh chuig an BOO. Ar an tslí sin, is é an bord a bhíonn freagrach as an scéim oideachais a ghlacadh don scoil laistigh d'acmhainní ceadaithe gach bliain. Tagraíonn sé sin do na cláir oideachais agus do na hábhair a chuirtear ar fáil sa scoil.



10. FOSTAÍOCHT NA FOIRNE

Níl freagracht ar bhord bainistíochta scoile as fostaíocht ná as feidhmíocht na foirne (teagaisc ná neamhtheagaisc) i scoil.

Tá sé de dhualgas ar Phríomhfheidhmeannach an BOO, thar ceann an BOO, an fhoireann a fhostú agus a bhainistiú³ do scoileanna BOO. Mar sin féin, i gcomhréir le beartais agus le nósanna imeachta an BOO, iarrfaidh bord go bliantúil ar an BOO foráil a dhéanamh do phríomhoide agus don líon múinteoirí agus ball foirne eile a fhostú a mheasfaidh an bord ó am go ham is gá le haghaidh fheidhmiú éifeachtach na scoile. Bíonn leithdháileadh deiridh na bpost teagaisc do scoil faoi réir ceadú roimh ré ón bPríomhfheidhmeannach.

Bíodh is nach bhfuil ról ar bith ag an mbord bainistíochta maidir le daoine a cheapadh i bpost freagrachta, tá an fhreagracht ar sceideal na bpost freagrachta sa scoil a cheadú. Is ceart don phríomhoide dréachtsceideal na bpost freagrachta, le freastal ar riachtanais churaclaim agus eagrúcháin na scoile, a ullmhú tar éis comhairliúcháin cuí leis an bhfoireann teagaisc, agus is ceart an dréachtsceideal sin a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta lena cheadú – féach Mír 7.1 i gCiorclán 15/97, Mír 6.1 i gCiorclán 43/00 agus Mír 2 in Aguisín a hAon le Ciorclán 20/98.

11. STRAITÉISÍ FREASTAIL SCOILE

Ceanglaítear ar bhord bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide, le tuismitheoirí agus leis an oifigeach leasa oideachais ábhartha, ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (TUSLA) maidir leis na straitéisí agus leis na bearta atá beartaithe acu a ghlacadh chun meas ar an bhfoghlaim a chothú i measc daltaí atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na ndaltaí sin a spreagadh. Áireofar an ráiteas sin sa phlean scoile/DEIS.

3 Tabhair faoi deara gurb í feidhm phríomhoide na scoile, faoi stiúir phríomhfheidhmeannach an BOO, an fhoireann a bhainistiú ina scoil de réir Alt 22 agus 23 den Acht Oideachais, 1998, arna leasú.



12. COSAINT LEANAÍ AGUS FRITHBHULAÍOCHT

Tá freagrachtaí an-sonrach ar an mbord bainistíochta maidir leis an dá ábhar seo.

Cosaint Leanaí

- Ceanglaítear ar an mbord Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go foirmiúil mar ghné bhunúsach de Bheartas foriomlán na scoile um Chosaint Leanaí.
- Ní mór don phríomhoide tuairisc a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta leanaí ag gach cruinniú boird i gcomhréir le forálacha na nósanna imeachta ón Roinn.
- Ní mór don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh gach bliain ar bheartas na scoile um chosaint leanaí agus ar a fhorfheidhmiú ag an scoil.
- Frithbhulaíocht
- Ceanglaítear ar an mbord Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go foirmiúil mar ghné bhunúsach de bheartas foriomlán frithbhulaíochta na scoile.
- Ní mór don phríomhoide, uair amháin le linn na téarma scoile ar a laghad, tuairisc a thabhairt don bhord ina leagtar amach líon foriomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh ón tuairisc dheiridh a tugadh don Bhord. Beidh deimhniú ann freisin gur tugadh gach cás tuairiscithe chun réitigh, nó go bhfuil siad á réiteach, de réir ghnásanna na Roinne.
- Ní mór don bhord bainistíochta tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar a fhorfheidhmiú ag an scoil.



CRUINNITHE AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA



Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. CRUINNITHE BOIRD

Ag cruinnithe boird, baineann baill an bhoird leas as an taithí, as an saineolas agus as an ngaois ar leith atá acu féin chun cur le hobair an bhoird, cuireann siad a dtuairimí in iúl go hionraic agus le meas, agus éistean siad go béasach le tuairimí na mball eile – agus is é an aidhm a bhíonn ann i gcónaí go dtiocfaidh an bord ar chinntí ar leas na scoile.

2. TOGHADH AGUS RÓL AN CHATHAOIRLIGH

Seachas sa chás ina bhfeidhmíonn an BOO a cheart duine a cheapadh mar chathaoirleach ar an mbord, déanfaidh baill an bhoird cathaoirleach a thoghadh don chuid eile den scoilbhliain sin ag an gcéad chruinniú boird. Ina dhiaidh sin, toghfar cathaoirleach ag an gcéad chruinniú de gach scoilbhliain nó nuair a thiocfaidh folúntas chun cinn.

Ó tharla go mbraitheann éifeachtacht rialachas na scoile go mór ar an gcathaoirleach, is ceart machnamh cúramach a dhéanamh ar cheapadh an chathaoirligh.

Braitheann rialachas éifeachtach na scoile freisin ar cháilíocht an chaidrimh idirphearsanta idir baill an bhoird agus idir an bord agus an príomhoide. Bíonn ról tábhachtach ag an gcathaoirleach agus ag an bpríomhoide faoi seach maidir le ham a chur ar fáil agus deiseanna a chruthú chun go bhforbrófar caidrimh mhaithe oibre.

Is ceart do chathaoirleach éifeachtach na nithe seo a leanas a dhéanamh, inter alia:

- Cathaoirleacht éifeachtach a dhéanamh ar chruinnithe boird agus easaontas a bhainistiú ar bhealach dearfach sna cruinnithe. Bíonn tuiscint mhaith ar ghnó na scoile riachtanach chuige sin. Bord a ndéantar cathaoirleacht mhaith air, bíonn ar a chumas easaontas cuiditheach a láimhseáil maidir le gnéithe a bhfuil tábhacht ag baint leo don scoil. Le cathaoirleach éifeachtach, bíonn ar chumas na mball ar fad a dtuairimí a léiriú agus cabhraítear le baill nua a bheith ar a gcompond agus a ndearcadh a chur in iúl.
- Caidreamh gairmiúil le príomhoide na scoile a bhunú agus a chothú. Tá sé fóirhábhachtach go mbeadh muintín, meas agus ionracas ar a chéile sa chaidreamh idir an príomhoide agus an cathaoirleach.



3 ULLMHÚ DO CHRUINNITHE

Bíonn éifeachtacht na gcrúinnithe boird ag brath go mór ar an ullmhúchán a dhéantar do na cruinnithe. Is ceart go bhfaighidh gach ball den bhord 'pacáiste don chruinniú' seacht lá roimh an gcrúinniú. Is ceart go mbeidh na nithe seo a leanas sa phacáiste sin.

- **Fógra faoin gcrúinniú.**
- **Clár oibre.** Is ceart go mbeidh struchtúr maith ar an gclár oibre agus is ceart é a ullmhú i gcomhairle leis an bpríomhoide, ar rúnaí an bhoird é/í.
- **Dréacht-mhiontuairiscí ón gcrúinniú roimhe** ina leagtar amach na nithe seo a leanas: na cinntí a glacadh, míniúcháin ghearra ar na cúiseanna leis na cinntí sin (seachain cuntas 'cé a dúirt a leithéid') agus ainmneacha na ndaoine a ghlacfaidh gníomh breise i dtaobh na gcinntí sin. Is é rúnaí an bhoird (an príomhoide) atá freagrach as na miontuairiscí agus is ceart na dréacht-mhiontuairiscí a scaipeadh ar na baill sna seacht lá tar éis an chruinnithe más féidir.

Maidir le cinntí boird (ar a dtugtar rúin), tá sé ríthábhachtach go mbeidh an fhocláocht i gceart ionas go dtuigfidh léitheoir ar bith, beag beann ar an eolas atá aige/aici ar an tsaincheist, an cinneadh a glacadh. Ina theannta sin, moltar na rúin (cinntí) ón gcrúinniú boird a aibhsiú go soiléir chun a ndeimhniú ag an BOO a éascú.

- **Tuairiscí scríofa eile** (tuairisc an príomhoide, tuairisc airgeadais, tuairiscí ó choiste nó ó thascghrúpa, srl.) agus páipéir maidir le hábhair ar an gclár oibre ionas gur féidir le baill an bhoird teacht chuig an gcrúinniú agus tuiscint acu ar na hábhair atá ar an gclár oibre. Is ceart páipéir a scaipeadh seacht lá roimh chruinniú de ghnáth. Mura ndéanfaí amhlaidh, tharlódh sé nach mbeadh an t-am ag na baill iad a bhreithniú ina n-iomláine.

TABHAIR DO D'AIRE:

Gach comhfhreagras a sheoltar chuig an bpríomhoide mar rúnaí an Bhoird, ní mór an comhfhreagras sin a chur os comhair an bhoird bainistíochta.

Bíodh is gur gá ábhair áirithe (amhail Cosaint Leanaí, cúrsaí airgeadais, srl.) a phlé ag gach cruinniú, bíonn timthriall bhliantúil ag scoileanna go hiondúil inar gá ábhair éagsúla a chur ar an gclár oibre do chruinnithe boird ag tréimhsí éagsúla den bhliain. Mar shampla, athbhreithniú ar na torthaí sna scrúduithe Stáit agus ar rollú na scoile i mí Mheán Fómhair, athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus na nGnásanna Frithbhulaíochta i mí na Bealtaine, agus an clár oideachais don chéad scoilbhliain eile san earrach.



NITHE EILE ATÁ ÁBHARTHA DO BHAILL BOIRD BAINISTÍOCHTA



Nithe eile atá ábhartha do Bhaill Bhoird Bainistíochta

1. SLÁNAÍOCHT BHAILL AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA

Slánaíonn an BOO ball den bhord i ndáil le caingne nó éilimh a bhféadfaí iad a ghlacadh i gcoinne an bhaill sin ag eascairt as feidhmiú ceart a d(h)ualgas maidir le daltaí nó maidir le hábhair eile.

Ní féidir caingean a thabhairt ar bhall den bhord maidir le rud ar bith atá déanta aige/aici de mheon macánta le linn a c(h)uid dualgas de réir na bhforálacha atá leagtha amach in Lámhleabhar ar líne ETBI do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Bhoird Bhainistíochta i Scoileanna agus i gColáistí BOO.

2. CUMANN NA DTUISMITHEOIRÍ

Déanann cumainn tuismitheoirí leas na ndaltaí sa scoil a chur chun cinn i gcomhar leis an mbord, leis an bpríomhoide, leis an bhfoireann agus leis na daltaí sa scoil.

Déanfaidh an bord teagmháil a chur chun cinn idir an scoil, tuismitheoirí daltaí sa scoil sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, ní mór don Bhord gach cúnamh réasúnach a thabhairt dóibh, agus do chumann na dtuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe.



3. FOCAL SCOIR

- Tá sé léirithe sa dea-chleachtas idirnáisiúnta go bhfuil seacht gcinn de chaighdeáin mar bhonn agus mar thaca ag tuairim na seirbhíse poiblí féin: neamhleithleachas, ionracas, cuntasacht, oibiachtúlacht, oscailteacht, macántacht, agus ceannasaíocht. Trí chloí leis na caighdeáin sin, áiritheoidh baill boird bainistíochta go dtacófar i gcónaí le leas phobal na scoile.
- Is ceart go mbeidh rochtain ag bord bainistíochta ar fhaisnéis atá neamhchlaonta, ábhartha agus cothrom le dáta maidir le feidhmiú na scoile, seachas díreach liosta dea-scéalta. Bíonn rath agus dúshlán ar leith ag gach aon scoil, agus is gá don bhord bainistíochta a bheith ar an eolas fúthu sin ar fad ar bhonn leanúnach chun an scoil a rialú go héifeachtach.
- Is ceart don bhord machnamh a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin go bliantúil. Chun é sin a dhéanamh, b'fhéidir go gcaithfeadh an bord cruinniú nó cuid de chruinniú ag déanamh machnamh oibiachtúil ar an méid a chuir a chuid oibre leis an scoil i rith na scoilbhliana roimhe. D'fhonn cur le hoibiachtúlacht an mhachnaimh sin, d'fhéadfadh an bord cuireadh a thabhairt do dhuine a bhfuil na scileanna cú aige/aici chun machnamh dá leithéid a threorú. Is ceart torthaí an mhachnaimh a úsáid i bplean an bhoird don bhliain ina dhiaidh sin.



AGUISÍN 1

NITHE ATÁ ÁBHARTHA DO GACH BORD BAINISTÍOCHTA SCOILE

Tá an **Lámhleabhar do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Bhoird Bhainistíochta i Scoileanna agus i gColáistí BOO** ar fáil ar líne ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) ar www.etbi.ie agus cuimsítear ann cóip den doiciméad seo ina bhfuil hipearnaisc, nuair is infheidhme, leis na doiciméid ar fad ionas gur féidir teacht orthu go díreach ar an Idirlíon.

- Cén chaoi a dtéann an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí
- Ranna ábhair na scoile, cinn bliana, córas na dteagascóirí ranga, an fhoireann cúraim thréadaigh, clár agus gnóthachtálacha seach-churaclaim, gnóthachtálacha acadúla, srl.
- An ról atá ag an Treoirchomhairleoir, ag an Séiplíneach, ag an bhFoireann Teagmhála Baile agus Scoile, ag an bhFoireann Críochnaithe Scoile, ag Múinteoirí Tacaíochta Foghlama, ag Múinteoirí Acmhainne, agus ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta
- Pleananna chun Oideachas na Sraithe Sóisearaí a athchóiriú – féach an Creat don tSraith Shóisearach ag www.juniorcycle.ie
- An ceanglas ar scoileanna maidir le forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020
- Plean Gníomhaíochta maidir le Bulaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna – féach www.education.ie/ga/
- Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2013 – féach www.education.ie/ga/
- Treoirlínte 2008 ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (TUSLA) maidir le Cód Iompair a Fhorbairt
- An ceanglas ar gach scoil tabhairt faoin bhféinmheastóireacht, faoi stiúir an bhoird – féach <http://www.schoolself-evaluation.ie/gaeilge.php>
- Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile agus freagrachtaí ar bhoird bainistíochta – féach www.education.ie/ga/
- Treoirlínte do Scoileanna maidir le Cosaint Sonraí – www.dataprotectionschools.ie
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – www.ncca.ie
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) – www.ncse.ie/ga/
- SOLAS: Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 – www.education.ie/ga/
- Ról Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann – www.qqi.ie
- Athbhreithniú Straitéiseach ar an mBreisoideachas agus ar an Oiliúint agus Daoine Dífhostaithe – www.nesc.ie
- An Cód Cleachtas maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna – féach an Ciorclán ábhartha ón Roinn (Ciorclán 0018/2015 faoi láthair) agus an Cód Cleachtas atá leis seo maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.
-



AGUISÍN 2

BEARTAIS LE CUR SAN ÁIREAMH SA PHLEAN SCOILE

Tá an Lámhleabhar do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Bhoird Bhainistíochta i Scoileanna agus i gColáistí BOO ar fáil ar líne ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) ar www.etbi.ie agus cuimsítear ann cóip den doiciméad seo ina bhfuil hipearnaisc, nuair is infheidhme, leis na doiciméid ar fad ionas gur féidir teacht orthu go díreach ar an Idirlíon.

BEARTAIS RIACHTANACHA

- Beartas i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht – [Alt 15 den Acht Oideachais, Alt 19 den Acht Oideachais, an tAcht um Stádas Comhionann, Alt 2 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004](#)
- [Beartas Freastail – Alt 20, 21 agus 22 den Acht Oideachais \(Leas\)](#)
- Cód Iompraíochta lena n-áirítear Nósanna Imeachta Araíonachta – [Alt 23 den Acht Oideachais \(Leas\), 2000](#)
- Beartas maidir le daltaí a chur ar fionraí – [Alt 15 den Acht Oideachais, 1998](#)
- Beartas maidir le daltaí a dhíbirt – [Alt 15 den Acht Oideachais, 1998](#)
- An Beartas um Chosaint Leanáí – féach [Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna do Scoileanna maidir le Caomhnú Leanáí](#)
- Beartas Freagartha Géarchéime agus Méala
- An Beartas Frithbhulaíochta mar ghné bhunúsach den Chód Iompraíochta – féach an Chibearbhulaíocht i Scoileanna – Treoir agus Acmhainní agus teimpléad ETBI do Bheartas Frithbhulaíochta ar www.etbi.ie
- [Beartas um Chosaint Sonraí](#)
- [Beartas um Nósanna Imeachta do Rochtain ar Shonraí](#)
- [Beartas maidir le TCI](#)
- Beartas maidir le Riachtanais Speisialta – Alt 2, 3, 14 agus 15 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta – [Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005](#)
- Beartas Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- Beartas maidir le hÚsáid na Meán Sóisialta chun múinteoireacht agus foghlaim a éascú
- Beartas maidir le hÚsáid Inghlactha don Idirlíon
- Cód Cleachtais chun déileáil le gearáin arna ndéanamh ag tuismitheoir(i) nó caomhnóir(i) daltaí (Alt 28 den Acht Oideachais, 1998) – féach an Cód Cleachtais a comhaontaíodh go náisiúnta



www.etbi.ie

- Plean Treorach don Scoil Iomlán
- Beartas maidir le hObair Bhaile
- Beartas maidir le taithí oibre / socrúchán
- Beartas/prótacal maidir le teagasc agus comhairleoireacht duine le duine
- Beartas maidir le Cúram Tréadach
- Beartas maidir le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar bhaill foirne uile na scoile – lena n-áirítear oibríthe deonacha
- Beartas maidir leis an dínit san ionad oibre – féach na beartais náisiúnta atá foilsithe ar www.etbi.ie maidir le cosc ar bhulaíocht agus ar chiapadh/ar ghnéaschiapadh

BEARTAIS EILE - LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH

- Beartas maidir le hionad oibre saor ó thobac
- Beartas maidir le OSPS agus OCG
- Beartas maidir le teagmháil idir an baile agus an scoil
- Beartas maidir le roghnú ábhar
- Beartas maidir le measúnú daltaí, coinneáil taifead agus tuairisciú
- Beartas maidir le téacsleabhair
- Beartas maidir le drochaimsir / dúnadh scoile

AGUISÍN 3

NITHE LE CUR SAN ÁIREAMH SA LEABHRÁN *BÍODH CUR AMACH AGAT AR DO SCOIL*

Faisnéis sa leabhrán Bíodh cur amach agat ar do scoil le haghaidh baill nua de Bhord Bainistíochta

1. Ainm na scoile
2. Uimh. an Rolla
3. Baill an bhoird bainistíochta agus sonraí ar na comhlachtaí ainmniúcháin – an BOO, comhpháirtí is iontaobhaí, foireann oibre, tuismitheoirí, srl.
4. Faisnéis ar an BOO
5. Faisnéis ar an gComhpháirtí is iontaobhaí – nuair is infheidhme
6. Ainm an phríomhoide
7. Ainm an leas-phríomhoide
8. Sonraí ar struchtúr bainistíochta na scoile agus ar an bpróiseas cinnteoireachta
9. Ráiteas Mísín
10. Stair achomair na scoile – thart ar 100 focal
11. Cóip den Phlean Scoile le sonraí ar an gcéad athbheithniú eile



12. Sonraí ar an scoilcheantar, ar scoileanna friothálacha, ar scoileanna dara leibhéal in aice láimhe – bíodh léarscáil san áireamh
13. Critéir Iontrála
14. Nósanna imeachta lena rialaítear aistrithe ó iarbhunscioleanna eile
15. Sonraí iomlána ar Bhaill Foirne uile na Scoile/an Choláiste – idir an fhoireann teagaisc agus eile: ainmneacha, ábhair a mhúinteas, agus poist freagrachta i gcás múinteoirí, srl.
16. Liosta de bheartais uile na scoile – ina sonraítear an dáta ar ghlac an bord bainistíochta gach beartas agus an dáta a ndéanfar an chéad athbheithniú eile ar gach beartas
17. Sonraí ar dhaltaí na scoile – de réir inscne, bliana, clár oideachais, agus achoimre ar rollú bliantúil na scoile sna 10 mbliana anuas
18. Gnóthachtálacha acadúla na ndaltaí – % de na daltaí Ardeistiméireachta a chuaigh ar aghaidh chuig an tríú leibhéal, an fheidhmíocht is déanaí sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht, srl.
19. Sonraí ar an gcuraclam: na hábhair atá ar fáil ag an tSraith Shóisearach agus na hábhair ar mhaith leis an scoil iad a chur ar fáil ag an tSraith Shóisearach, na hábhair atá ar fáil ag an tSraith Shinsearach agus na hábhair ar mhaith leis an scoil iad a chur ar fáil ag an tSraith Shinsearach, srl.
20. Cóip iomlán de na beartais scoile seo a leanas:
 - Beartas maidir le ligean isteach, lena n-áirítear nósanna imeachta le haghaidh daltaí ar mhian leo aistriú ó scoileanna dara leibhéal eile
 - Beartas um Chosaint Leanaí
 - Beartas Frithbhulaíochta
 - Cód Iompraíochta agus Beartas Araíonachta na Scoile
21. Féilire na Scoile
22. Gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha seach-churaclaim na scoile
23. Struchtúir/tacaíochtaí cúraim thréadaigh na scoile
24. Sonraí ar sholáthar riachtanas speisialta
25. Sonraí ar fhoirgnimh na scoile agus ar shaoráidí spóirt nó eile – idir bhuan agus réamhdhéanta, aois agus bail.
26. Sonraí ar sheasamh airgeadais na scoile – leithdháileadh buiséid don scoilbhliain, príomh-mhéireanna caiteachais, iarmhéideanna bainc, agus dúshlán airgeadais, srl.
27. Sonraí ar na cigireachtaí ábhair, ar na meastóireachtaí ar an scoil uile nó ar chláir is déanaí
28. Sonraí ar Chomhairle na Mac Léinn sa scoil
29. Sonraí ar Chomhairle na dTuismitheoirí sa scoil
30. Ceithre láidreacht atá ag an scoil
31. Ceithre dheis don scoil
32. Ceithre dhúshlán atá roimh an scoil
33. Ceithre bhagairt do thodhchaí na scoile
34. Sonraí ar an gclár ranganna tráthnóna (oíche)
35. Clár Feabhsaithe Scoile bunaithe ar Fhéinmheastóireacht Scoile agus/nó ar Phlean Gníomhaíochta DEIS – de réir mar is cuí
36. Sonraí ar eagraíochtaí a bhíonn ag feidhmiú laistigh den scoil





etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*